# An Óige

Conor: An óige – cuirtear amú ar na daoine óga í. An bhfuil a fhios agat cé a dúirt é sin, a Ghile?

Gile: George Bernard Shaw? Más buan mo chuimhne is é Oscar Wilde a dúirt. Buachaill deisbhéalach a bhí ann cinnte.

C: Is annamh a rinne sé dhá leath den airneán é féin más fíor an méid atá scríofa faoi.

G: Ní hé sin an ealaín a bheadh orm féin anois. Tá an Ardteist críochnaithe agam agus díreoidh mé ar an gcamógaíocht ar feadh an tsamhraidh. Anam sláintiúil i gcorp sláintiúil – an bhfuil a fhios agat féin cé a dúirt é sin?

C: Níl a fhios agam ó thalamh an domhain cé a dúirt.

G: Juvénal, de réir dealraimh.

C: Juvénal? Meas tú an bhfuil baint ag an sloinne sin leis an óige?

G: Tá an óige go mór i mbéal an phobail i mbliana.

C: Tá, ar ndóigh. Tá Bliain Eorpach na hÓige á ceiliúradh ag an Aontas Eorpach. Beidh mé féin páirteach in ócáid a bheidh ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta i mí na Samhna.

G: Céard é féin?

C: Ceolchoirm mhór. Tá ceolfhoireann chlasaiceach á cur le chéile don ócáid. Deis mhór do cheoltóirí óga na tíre atá ann. Bhí iomaíocht an-ghéar ann ach d’éirigh liom áit a bhaint amach.

G: Coinnigh ort más ea. Ní foirfeacht go cleachtadh.

C: Ní measaide mé é cinnte. Bíonn cleachtaí againn uair sa mhí sna seomraí cleachtaidh sa Cheoláras Náisiúnta tráthnóna Dé Sathairn agus maidin Dé Domhnaigh. Tá sé spéisiúil agus dúshlánach den chuid is mó agus bainim taitneamh as.

G: An bhfuil clár leagtha amach agaibh go fóill?

C: Tá, clár an-eicléicteach atá ann.  Sin focal breá nach bhfaca mé rómhinic cheana! Tosóimid leis an gcéad chuid de 'Messiah' Handel. Ba i mBaile Átha Cliath a seinneadh den chéad uair é beagnach trí chéad bliain ó shin agus críochnóimid le 'Óid don Aoibhneas' ón Naoú Siansa le Ludwig van Beethoven.

G: Ó sin roscamhrán na hEorpa ar ndóigh. Is fada anois ó phioc mé féin suas an bogha agus an veidhlín. Ní bhíonn an deis agam. Bím ag cuidiú le m'aintín ina siopa éadaí ar an tSráid Mhór.

C: An mbíonn sibh gnóthach?

G: An-ghnóthach ar fad. Tá stoc an fhómhair istigh aici cheana féin. Tá súil an tseabhaic aici ó thaobh dathanna de. Corcra, téal agus badhrc a bheidh chun tosaigh an séasúr seo. Is breá liom a bheith ag cuidiú leis na custaiméirí.

C: Ach inis dom conas atá ag éirí leat ar an bpáirc imeartha?

G: Táim ag traenáil agus ag imirt leis an gclub ar feadh an ama. D'fhreastail mé ar na trialacha agus bhain mé áit amach ar phainéal an chontae.

C: Comhghairdeas. Nach méanar duit! Faisean agus spórt.

G: Is ea, go deimhin. Agus ceol.

C: Is aoibhinn a bheith beo agus óg san Eoraip ar na saolta seo.

G:  M'anam go bhfuil an ceart agat!